**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Ceathrú Dlísheomra) an 28 Aibreán 2022– Changmao Biochemical Engineering Co. Ltd v an Coimisiún Eorpach, Hyet Sweet SAS**

**(Cás T-666/19 P)** [1]

***(Achomharc – Dumpáil – Allmhairí aspairtéime de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne – Rialacháin Uimh. 1225/2009 agus 2016/1036 – Raon feidhme ratione temporis – Airteagal 2(7) – Stádas mar ghnóthas a oibríonn faoi dhálaí eacnamaíocha margaidh – Diúltú – Airteagal 2(10) – Coigeartú – Dualgas cruthúnais – Airteagal 3 – Díobháil a chinneadh – Dualgas cruthúnais an Aontais Eorpaigh)***

(2022/C 237/03)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Changmao Biochemical Engineering Co. Ltd (ionadaithe: K. Adamantopoulos, dikigoros, agus P. Billiet, avocat)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: i dtosach, T. Maxian Rusche agus N. Kuplewatzky, ina dhiadh sin, T. Maxian Rusche agus A. Demeneix agus, ar deireadh, T. Maxian Rusche agus K. Blanck, i gcáil Gníomhairí)

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don achomharc.

2. Ordaítear do Changmao Biochemical Engineering Co. Ltd a chostais féin a íoc, chomh maith leis na costais a thabhaigh an Coimisiún Eorpach.

[1] IO C 383, 11.11.2019

---

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Dara Dlísheomra) an 28 Aibreán 2022 – Yieh United Steel Corp. v an Coimisiún Eorpach, Eurofer, Association Européenne de l'Acier, ASBL**

**(Cás C-79/20 P)** [1]

***(Achomharc – Dumpáil – Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/1429 – Allmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine – Dleacht frithdhumpála chinntitheach – Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 – Airteagal 2 – Ríomh an ghnáthluacha – Ríomh an chostais táirgthe – Caillteanais táirgeachta – Diúltú do luach fhuíll athchúrsáilte a asbhaint – Measúnú ar an ngnáthluach ar bhonn dhíolachán intíre an táirge chomhchosúil atá beartaithe don tomhaltas intíre – Eisiamh ón mbonn a úsáidtear chun gnáthluach na ndíolachán ar mhargadh intíre na tíre onnmhairiúcháin a ríomh i gcás ina mbaineann na díolacháin sin le tairgí atá beartaithe lena n-onnmhairiú)***

(2022/C 237/04)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Yieh United Steel Corp. (ionadaí: D. Luff, avocat)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* an Coimisiúin Eorpach (ionadaithe: i dtosach, J.F. Brakeland, M. França agus A. Demeneix, agus ina dhiaidh sin, J.F. Brakeland agus G. Luengo, i gcáil Gníomhairí), Eurofer, Association européenne de l'acier, ASBL (ionadaithe: J. Killick agus G. Forwood, avocats, agus G. Papaconstantinou, dikigoros)